



Ráiteas ar Chleachtas Iniúchta Feidhmíochta

Sainordú

Le hAcht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, foráiltear maidir le sainordú reachtúil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) chun réimse leathan oibre iniúchta airgeadais agus feidhmíochta a dhéanamh agus chun tuarascálacha ar an obair sin a chur ar fáil ina dhiaidh sin.

Iniúchadh feidhmíochta

Is éard atá san iniúchóireacht feidhmíochta scrúdú neamhspleách oibiachtúil iontaofa maidir le cé acu an bhfuil gnóthais, córais, oibríochtaí, cláir, gníomhaíochtaí nó eagraíochtaí rialtais ag oibriú i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta agus an bhféadfadh sé a bheith níos fearr.

Is iad na príomhaschuir dár n-obair iniúchta feidhmíochta

- tuarascálacha bliantúla ar chuntais na seirbhísí poiblí (dá dtagraítear tuarascáil bhliantúil ARC&C go minic), agus
- tuarascálacha speisialta ar scrúduithe maidir le luach ar airgead (LAA) nó obair iniúchta feidhmíochta eile faoi shainordú ARC&C.

Caighdeán iniúchóireachta

Déanaimid ár ngníomhaíochtaí i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach inár lámhleabhar iniúchóireachta feidhmíochta, caighdeán atá comhsheasmhach le bunphrionsabail iniúchóireachta feidhmíochta na gCaighdeán Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (ISSAIanna).

Creat cáilíochta

Tá nósanna imeachta críochnúla maidir le hathbhreithniú agus dearbhú cáilíochta forbartha againn chun cáilíocht na n-aschur iniúchta feidhmíochta a chosaint.

Cuirtear athbhreithniú cáilíochta san áireamh le gach gné den phróiseas trí mhaoirseacht, trí athbhreithniú an lucht bainistíochta agus trí athbhreithnithe cáilíochta gníomhaíochtaí roghnaitheacha.

Déantar athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta tar éis a bhfoilsithe chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le cáilíocht na dtuarascálacha foilsithe agus chun cuidiú le feabhsuithe a shainaithint le haghaidh nósanna imeachta scrúdúcháin.

Sainaithint agus roghnú topaice

Féadfaidh topaicí féideartha teacht ó roinnt foinsí seachtracha, agus ón bpobal san áireamh. Féadfaidh saincheisteanna a thagann aníos leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí agus tosaíochtaí a chuireann siad in iúl le linn cruinnithe ina bhfuil ARC&C nó ionadaí dó ina fhinné buan a chuimsiú i gclár iniúchta feidhmíochta ARC&C.

Sa chleachtas, sainaithnítear formhór na dtopaicí laistigh den Oifig. Úsáidtear cur chuige ón mbonn aníos agus ón mbarr anuas i dteannta a chéile san Oifig chun topaicí féideartha iniúchta feidhmíochta a shainaithint. Cé go dtarlaíonn roinnt iniúchtaí feidhmíochta mar thoradh ar smaointe a chuireann an fhoireann chun cinn, tagann cuid eile acu go díreach ón lucht ardbhainistíochta nó ó ARC&C.

Sainaithnítear topaicí féideartha freisin trí mheasúnaithe tréimhsiúla ar rioscaí/fhadhbanna ar fud na hearnála poiblí, agus ábharthacht á cur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, tá níos mó i gceist leis an ábharthacht ná na gnéithe airgeadais amháin agus cuimsítear léi breithnithe sóisialta, mar shampla, an líon saoránach a ndéantar difear dóibh le beartas nó le clár.

I measc na gcúiseanna coitianta a dtagann topaicí féideartha aníos, tá

- saincheisteanna ar ábhar imní iad a shainaithnítear le linn iniúchadh airgeadais bliantúil ar chomhlacht poiblí
- toradh athruithe ar bheartas, ar leithdháileadh acmhainní nó ar phróisis bhainistíochta
- tabhairt isteach cláir nó tionscadail nua is fiú a mhionscrúdú go neamhspleách
- imní poiblí faoi dhrochfheidhmíocht, faoi chur amú acmhainní nó faoi mhímhacántacht i gcomhlachtaí poiblí.

Is faoi lánrogha ARC&C na topaicí a ndéantar tuairisc orthu a chinneadh go críochnaitheach. Ullmhaítear clár iniúchta feidhmíochta bliantúil chun toradh an phróisis sainaitheanta topaice agus na hacmhainní atá ar fáil chun an obair a dhéanamh a léiriú.

Fianaise iniúchta

I gcás iniúchtaí airgeadais, cuimsítear faisnéis ó thaifeadtaí airgeadais agus ó chórais ghaolmhara le fianaise iniúchta go hiondúil.

De ghnáth, bíonn an fhianaise iniúchta a bhailítear le haghaidh iniúchtaí feidhmíochta níos leithne agus féadfaidh sé a chuimsiú, mar shampla



Ráiteas ar Chleachtas Iniúchta Feidhmíochta

- reachtaíocht agus/nó treoirínte agus tuairimí dlíthiúla eile
- comhaid, doiciméid tionscadail, comhfhreagras agus miontuairiscí cruinnithe
- ráitis straitéise, tuarascálacha foilsithe agus tuarascálacha iniúchta inmheánaigh/meastóireachta eile.

Is minic a bhíonn fianaise in iniúchtaí feidhmíochta níos áitithí ná dochloíte. Dá réir sin, féadfaidh sé gur gá breithiúnas agus léirmhíniú nach beag chun conclúid a bhaint agus moltaí a fhorbairt.

Cad atá i gceist le fianaise iniúchta leordhóthanach oiriúnach?

Ní mór d'fhianaise iniúchta a bheith leordhóthanach (cainníocht) agus oiriúnach (cáilíocht) araon chun áitiú ar dhuine eolach go bhfuil torthaí an iniúchta réasúnta.

Agus measúnú á dhéanamh ar leordhóthain, ní mór don Oifig a mheas an bhfuil dóthain fianaise faighte chun tacú leis na tuairimí agus na conclúidí a léirítear sa tuarascáil. Baineann oiriúnacht le hábharthacht, iontaofacht (nó creidiúnacht) agus bailíocht na fianaise. Chun a bheith ábhartha, ní mór don fhianaise cuidiú le cuspóirí scrúdaithe a bhaint amach. Chun a bheith bailí, ní mór di bonn fóna réasúnta a chur faoina bhfuil á measúnú.

Fianaise a sholáthar don iniúchadh

Tá soláthar na fianaise iomláine tráthúla ríthábhachtach ionas go mbeidh an Oifig in ann teacht ar thorthaí agus conclúidí láidre. I gcás ina bhfuil bearnaí san fhianaise, féadfaidh an Oifig an fóras sin a thuairisciú agus conclúidí a bhaint as an bhfianaise atá ar fáil.

Tá sé ríthábhachtach go bhfreagraítear iarratais ar fhaisnéis a dhéantar le linn an scrúdaithe laistigh den tréimhse ama a chuirtear in iúl san iarraidh.

Cumhachtaí chun fianaise iniúchta a fháil

Le hAlt 10(1) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, pléitear rochtain ARC&C ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis. Chun críocha a gcuid oibre, foráiltear leis maidir le rochtain a bheith ag oifigeach údaraithe ARC&C ar leabhair, doiciméid, taifeadtaí agus sonraí comhlachta iniúchta, agus aon fhaisnéis eile den sórt sin a theastóidh uathu le réasún a fháil.

Modheolaíocht iniúchta

Féadfar réimse nósanna imeachta a úsáid chun fianaise a fháil, a anailísiú agus a léirmhíniú chun iniúchadh feidhmíochta a dhéanamh, lena gcuimsítear

- scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid agus anailís a dhéanamh ar shonraí riaracháin
- foireann soláthair seirbhíse agus/nó úsáideoirí seirbhíse a chur faoi agallamh agus breathnú díreach ar sholáthar seirbhíse
- cás-staidéir, tagarmharcáil, grúpaí fócais agus staidéir ar obair
- tiomsú sonraí bunaidh trí theicnící suirbhé agus ceistneoirí
- anailís gníomhaíochta/costáil bunaithe ar ghníomhaíocht, anailís costais is tairbhe agus anailís sreabhaidh airgid lascainithe.

Imréiteach agus rúndacht

Sula bhfoilsítear í, beidh deis ag an oifigeach cuntasáíochta nó duine cuntasach a bharúil a thabhairt maidir le hábhair na dréacht-tuarascála a bhaineann lena eagraíocht. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun rúndacht na faisnéise a fhaightear le linn an iniúchta feidhmíochta a choinneáil ar bun.

Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a chaitheamh le dréacht-tuarascálacha a sholáthraítear do chomhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu faoi rún agus gan iad a scaipeadh ach amháin dóibh siúd san eagraíocht ar gá a dtuairimí chun freagairt a ullmhú. Níor cheart an t-ábhar ná na torthaí a nochtadh, ná tagairt a dhéanamh dóibh go poiblí i gcás ar bith, go dtí go leagfar an leagan críochnaitheach faoi bhráid Dháil Éireann.

Coiste um Chuntais Phoiblí

Tá comhlachtaí poiblí a ndéanann ARC&C iniúchadh orthu cuntasach don Choiste um Chuntais Phoiblí. Déanann an Coiste scrúdú ar thuarascálacha a ullmhaíonn ARC&C, lena gcuimsítear na cinn sin a eascraíonn as iniúchtaí feidhmíochta.

Go hiondúil, iarrfar ar oifigeach cuntasáíochta/duine cuntasach an chomhlachta poiblí i gceist freastal ar chruinniú Coiste agus ceisteanna a bhaineann leis an tuarascáil a fhreagairt.

Caighdeán seirbhíse

Tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas do chomhlachtaí poiblí chun aiseolas a thabhairt nó imní a chur in iúl faoi sheirbhísí a sholáthraíonn an Oifig ar ár suíomh gréasáin [anseo](#).